C/2025/2798

23.5.2025

Tuarascáil Deiridh an Oifigigh Éisteachta [1]

Cás M.10806 — BROADCOM / VMWARE

(C/2025/2798)

1. RÉAMHRÁ

1. An 15 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe ag a bhfuil gné de chuid an Aontais de bhun Airteagal 4 den Rialachán um Chumaisc [2] faoina bhfuil sé beartaithe ag Broadcom, Inc [3]. ('Broadcom' nó 'Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige') urlámhas aonair a fháil, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar VMware, Inc [4]. ('VMware' agus in éineacht le Broadcom na 'Páirtithe') (an 'tIdirbheart atá Beartaithe').

2. NÓS IMEACHTA

2.1. Cinneadh Airteagal 6(1)

2. An 20 Nollaig 2022, ghlac an Coimisiún cinneadh chun imeachtaí a thionscnamh de bhun Airteagal 6(1)(c) den Rialachán um Chumaisc (an 'Cinneadh Airteagal 6(1)(c)'), toisc gur ardaíodh ábhar amhrais tromchúiseach sa Chéim I d'imscrúdú an Choimisiúin maidir le comhoiriúnacht an Idirbhirt atá Beartaithe leis an margadh inmheánach. Soláthraíodh a thuilleadh príomhdhoiciméid don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an 21 Nollaig 2022.

3. An 13 Eanáir 2023, chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a fhreagairt ar Chinneadh Airteagal 6(1)(c) isteach.

2.2. An chéad síneadh leis an teorainn ama

4. An 12 Eanáir 2023, ghlac an Coimisiún dhá chinneadh de bhun Airteagal 11(3) den Rialachán um Chumaisc inar cheangail sé ar gach ceann de na Páirtithe faoi seach faisnéis a sholáthar arbh ábhar í d'iarraidh ar fhaisnéis roimhe sin, faoin 23 Eanáir 2023 [5]. Cuireadh an teorainn ama is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Rialachán um Chumaisc ar fionraí [6] ón 24 Eanáir 2023 go dtí an 15 Feabhra 2023.

2.3. An dara síneadh leis an teorainn ama

5. An 13 Márta 2023, le comhaontú an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, cuireadh 10 lá breise le tréimhse imscrúdaithe Céim II de bhun Airteagal 10(3), an dara fomhír, den Rialachán um Chumaisc.

---

(1) De bhun Airteagail 16 agus 17 de Chinneadh 2011/695/AE ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an 13 Deireadh Fómhair 2011 maidir le feidhm agus téarmaí tagartha an oifigigh éisteachta in imeachtaí iomaíochta áirithe (IO L 275, 20.10.2011, lch. 29) ('Cinneadh 2011/695/AE' nó Téarmaí Tagartha an Oifigigh Éisteachta).

(2) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1) (an 'Rialachán um Chumaisc').

(3) Is cuideachta dhomhanda crua-earraí í Broadcom, a sholáthraíonn, i measc nithe eile, Cártaí Comhéadain Líonra ('NICanna'), Cuibheoirí Óstbhus Fibre Channel ('HBAnna FC') agus cuibheoirí stórála agus a leathnaigh isteach i margaí bogearraí, le haghaidh feidhmchláir shlándála agus mhór-ríomhaire go príomha.

(4) Is cuideachta dhomhanda bogearraí fíorúlaithe' í VMware, a sholáthraíonn, i measc nithe eile, bogearraí fíorúlaithe freastalaí sa timpeallacht ar áitreabh agus néil phríobháidigh a idiroibríonn le raon leathan crua-earraí, lena n-áirítear NICanna, HBAnna FC agus cuibheoirí stórála.

(5) Seoladh iarrataí ar fhaisnéis chuig na Páirtithe an 22 Nollaig.

(6) Chuir na Páirtithe an fhaisnéis a ceanglaíodh isteach an 23 Eanáir 2023. An 27 Eanáir, áfach, sheol Broadcom loga pribhléide gairmiúla dlíodóra athbhreithnithe agus baisc dhoiciméid bhreise. I bhfianaise na haighneachta sin chinn an Coimisiún, trí ríomhphost chuig Broadcom, an teorainn ama a chur ar fionraí go cúlghabhálach ón 24 Eanáir 2023.

2.4. **Ráiteas Agóidí**

6. An 12 Aibreán 2023, ghlac an Coimisiún Ráiteas Agóidí (an 'SO'), dár tugadh fógra go foirmiúil don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an 13 Aibreán 2023, tar éis réamhchóip a sheoladh an 12 Aibreán 2023.

7. Ba é sprioc-am na bPáirtithe a mbarúlacha a chur isteach an 26 Aibreán 2023.

2.5. **Rochtain ar an gcomhad tar éis an Ráiteas Agóidí**

8. Tugadh rochtain ar an gcomhad don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an 13 Aibreán 2023 trí bhíthin fillteán criptithe '.zip' a seoladh trí ríomhphost (an 'Rochtain Thosaigh ar an gComhad').

9. Trí bhíthin litir an 20 Aibreán 2023 chuig an Oifigeach Éisteachta, chuir Broadcom iarraidh isteach le haghaidh rochtain bhreise ar an gcomhad de bhun Airteagal 7 de Chinneadh 2011/695/AE (an 'Chéad Iarraidh Airteagal 7'). D'iarr Broadcom go háirithe go dtabharfaí rochtain dá chomhairleoirí seachtracha, trí fhoireann ghlan ar a laghad, nó trí aon nós imeachta rochtana srianta eile, ar: (i) roinnt doiciméid nár deonaíodh rochtain ar bith do Broadcom; (ii) coda folaithe áirithe doiciméad a cuireadh ar fáil do Broadcom cheana féin le linn na Rochtana Tosaigh ar an gComhad; (iii) freagraí ar cheistneoirí ilrogha a seoladh chuig tríú páirtithe i gcomhthéacs an imscrúdaithe margaidh.

10. Arna iarraidh sin dom, rinne AS na hIomaíochta bearta leantacha ar iarrataí Broadcom agus, an 25 Aibreán 2023, dheonaigh sé rochtain do chomhairleoir seachtrach Broadcom ar an bhfianaise a luaitear faoi (i) agus (ii) thuas trí bhíthin Seomra Sonraí ([7]). Rinne AS na hIomaíochta bearta leantacha ar an iarraidh faoi phointe (iii) freisin, agus tuilleadh soiléirithe maidir leis na freagraí ar na ceistneoirí ilrogha á sholáthar.

2.6. **Freagra ar an Ráiteas Agóidí**

11. An 26 Aibreán 2023, chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a fhreagra ar an Ráiteas Agóidí (an 'Freagra ar an Ráiteas Agóidí') isteach faoin sprioc-am a shocraigh DG na hIomaíochta. Ina fhreagra maidir leis an Ráiteas Agóidí, d'iarr an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go dtionólfaí éisteacht fhoirmiúil ó bhéal.

2.7. **Tríú daoine leasmhara**

12. Le linn na n-imeachtaí, ghlac mé le dhá ghnóthas mar thríú daoine leasmhara de bhun Airteagal 5 de Chinneadh 2011/695/AE. Soláthraíodh leagan neamhrúnda den Ráiteas Agóidí do na tríú daoine leasmhara.

13. Chuir ceann amháin de na gnóthais spéis in iúl páirt a ghlacadh in éisteacht fhéideartha ó bhéal agus tugadh cuireadh foirmiúil dó freastal ar an Éisteacht ó Bhéal an 28 Aibreán 2023, de bhun Airteagal 6(2) de Chinneadh 2011/695/AE. Ach an 3 Bealtaine 2023, tharraing an gnóthas céanna siar a iarraidh ar rannpháirtíocht san Éisteacht ó Bhéal. Chuir an gnóthas eile a spéis in iúl páirt a ghlacadh san Éisteacht ó Bhéal, ach dhiúltaigh mé a iarraidh mar gheall ar a moille go príomha ([8]).

3. **ÉISTEACHT Ó BHÉAL AGUS NÓS IMEACHTA TAR ÉIS ÉISTEACHT Ó BHÉAL**

14. Reáchtáladh éisteacht fhoirmiúil ó bhéal an 5 Bealtaine 2023 (an 'Éisteacht ó Bhéal').

15. Bhí toscairí a rinne ionadaíocht do na Páirtithe, don Choimisiún agus d'údarás inniúil Ballstáit i láthair sa seomra. Bhí ionadaithe breise do na Páirtithe, d'údaráis inniúla Ballstát agus don Choimisiún rannpháirteach ó chian.

([7]) Uaslódáladh doiciméid, faoi réir thoiliú an tsoláthraí sonraí, sa Seomra Sonraí ar dhátaí ar leithligh (is iad sin an 25 agus an 26 Aibreán agus an 28 Aibreán 2023 agus an 2 agus an 3 Bealtaine 2023). Deonaíodh rochtain ar an Seomra Sonraí go dtí an 28 Aibreán 2023 ar dtús. An 28 Aibreán 2023 cuireadh síneadh ama le rochtain ar an Seomra Sonraí go dtí 3 Bealtaine 2023.

([8]) Rinneadh an iarraidh chun freastal ar an Éisteacht ó Bhéal an 2 Bealtaine 2023, ag céim ina raibh clár oibre don Éisteacht ó Bhéal críochnaithe, geall leis, agus ní raibh ach deis bheag fágtha chun freastal ar rannpháirtithe breise.

3.1. **Rochtain ar an gcomhad tar éis na hÉisteachta ó Bhéal**

16. Tar éis na hÉisteachta ó Bhéal, tráthnóna an 8 Bealtaine 2023, sheol comhairleoir dlí Broadcom Iarraidh Airteagal 7 bhreise agus fhorlíontach (an 'Dara hIarraidh Airteagal 7'). Sa Dara hIarraidh Airteagal 7 d'iarr Broadcom rochtain bhreise a fháil ar: (i) leagan neamhrúnda Thuarascáil an tSeomra Sonraí, ag maíomh go raibh leagan neamhrúnda na tuarascála ró-fholaithe; (ii) roinnt freagraí ar cheann de na ceistneoirí tástála margaidh ([9]) a seoladh chuig tríú páirtithe i gcomhthéacs an imscrúdaithe margaidh; agus (iii) cóipeanna de dhréachtaí uile na miontuairiscí glaonna idir an Coimisiún agus tríú páirtithe, ag maíomh nach ionann 'miontuairiscí comhaontaithe' na nglaonna le tríú páirtithe i gcomhad an Choimisiúin agus taifid chruinne de ráitis an tríú páirtí agus ba cheart, i bprionsabal, taifid agus/nó tras-scríbhinní focal ar fhocal na nglaonna sin a bheith i gcomhad an Choimisiúin.

17. I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas mé gur chomhlíon AS na hIomaíochta ábhar na Chéad Iarrata Airteagal 7 go páirteach (féach an mhír 10 thuas) agus gur cuireadh ina hionad go páirteach í leis an Dara hIarraidh Airteagal 7 agus chuir mé Broadcom ar an eolas dá réir sin an 25 Bealtaine 2023.

18. Maidir leis an Dara hIarraidh Airteagal 7, an 23 Meitheamh ghlac mé cinneadh faoi Airteagal 7 de Théarmaí Tagartha an Oifigigh Éisteachta agus an Dara hIarraidh Airteagal 7 a dhiúltú. Chuir mé Broadcom ar an eolas dá réir sin an 24 Meitheamh 2023.

19. Mar a leagtar amach i mír 16 thuas, sa Dara hIarraidh Airteagal 7, chuir Broadcom i dtábhacht nach raibh 'tras-scríbhinní focal ar fhocal' ná taifid ghlaonna an Choimisiúin le rannpháirtithe sa mhargadh i gcomhad an Choimisiúin, ach miontuairiscí comhaontaithe na nglaonna go heisiach. Mhaígh Broadcom nach ionann na miontuairiscí comhaontaithe sin agus taifid chruinne ráitis iarbhír an tríú páirtí, agus a mhéid a bhaineann le roinnt glaonna, d'iarr sé rochtain ar chóipeanna dhréachtaí uile na miontuairiscí a malartaíodh idir an Coimisiún agus tríú páirtithe.

20. Léirmhínigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('CBAE') Airteagal 19(1) de Rialachán 1/2003 ([10]) agus Airteagal 3 de Rialachán 773/2004 ([11]) i sraith bhreithiúnas ([12]) raon feidhme dhualgas an Choimisiúin a shoiléiriú maidir le ráitis a thaifeadadh le linn agallaimh atá beartaithe chun faisnéis a bhailiú chun críocha an imscrúdaithe. Chuaigh iarraidh Broadcom thar na ceanglais a leagtar ar an gCoimisiún tríd an gcásdlí sin, nach bhfuil feidhm dhíreach aige maidir le himeachtaí a sheoltar faoin Rialachán um Chumaisc ([13]).

21. Níl aon bhunús ann, i mo thuairim féin, 'tras-scríbhinní focal ar fhocal' nó taifid fuaime suimeálaí d'agallaimh nó glaonna teileafóin in imeachtaí cumaisc a éileamh. Ní fheicim aon chúis go mbeadh feidhm ag ceanglais taifeadta níos déine maidir le cásanna cumaisc ná maidir le himeachtaí a sheoltar faoi Rialachán 1/2003. Fad agus a sholáthraíonn an Coimisiún rochtain, arna iarraidh sin do sheolaí an Ráitis Agóidí, ar thaifead iontaofa agus mionsonraithe go leordhóthanach d'ábhar cruinnithe nó glao a bhí beartaithe chun faisnéis ábhartha don imscrúdú a bhailiú (amhail miontuairiscí comhaontaithe an chomhrá), tá na cearta ar chosaint, i bprionsabal, dá gcoimirciú go leordhóthanach.

([9]) Ceistneoir 4 an imscrúdaithe Céim I.

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta atá leagtha síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2004 maidir le himeachtaí a sheoladh ag an gCoimisiún de bhun Airteagail 81 agus 82 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO L 123, 27.4.2004, lgh. 18).

([12]) Féach, mar shampla, breithiúnas an 6 Meán Fómhair 2017, *Intel Corp. v An Coimisiún*, C-413/14 P, ECLI:EU:C:2017:632, míreanna 84-87 agus 90-91 agus breithiúnas an 15 Meitheamh 2022, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-235/18, ECLI:EU:T:2022:358. míreanna 184-185 agus 190-199.

([13]) Contrártha d'Airteagal 3 de Rialachán 773/2004, níl aon tagairt do 'taifid' ar ghlaonna teileafóin ná teagmhálaithe comhchosúla in Airteagal 11(7) den Rialachán um Chumaisc.

22. Dhiúltaigh mé an iarraidh rochtain a thabhairt ar na malartuithe uile maidir le hullmhú na miontuairiscí comhaontaithe, ag cur san áireamh, i measc cúiseanna eile: cineál go follasach rúnda na malartuithe (a bhain go príomha le héilimh rúndachta ag tríú páirtithe faoi Airteagal 18 de Rialachán 802/2004 ([14])); easpa aon chomhartha lena dtabharfaí le fios go raibh na miontuairiscí comhaontaithe míthreorach nó míchruinn ar bhealach éigin; agus an fíoras go raibh rochtain ag Broadcom, le haghaidh formhór na nglaonna, ní hamháin ar na miontuairiscí comhaontaithe ach ar an gclár oibre a roinn AS na hIomaíochta le tríú páirtithe roimh gach glao freisin.

3.2. **An tríú síneadh leis an teorainn ama**

23. An 12 Bealtaine 2023, cuireadh síneadh ama 3 lá oibre leis an tréimhse imscrúdaithe Céim II arna iarraidh sin don Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus i gcomhaontú leis de bhun na chéad abairte den dara fomhír d'Airteagal 10(3) den Rialachán um Chumaisc.

4. **TAIRISCINT GHEALLTANAIS AGUS TÁSTÁIL MHARGAIDH**

24. An 16 Bealtaine 2023, chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gealltanais isteach, d'fhonn an tIdirbheart atá Beartaithe a dhéanamh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus le feidhmiú Chomhaontú LEE, de bhun Airteagal 8(2) den Rialachán um Chumaisc (na 'Gealltanais Tosaigh').

25. An 23 Bealtaine 2023, sheol an Coimisiún tástáil mhargaidh de na Gealltanais Tosaigh a chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige isteach.

26. Thug an Coimisiún aiseolas mionsonraithe don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige maidir le toradh na tástála margaidh an 8 Meitheamh 2023.

27. An 14 Meitheamh 2023, tar éis bharúlacha an Choimisiúin maidir leis na Gealltanais Tosaigh, chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige tacar modhnaithe gealltanas isteach de bhun Airteagal 8(2) den Rialachán um Chumaisc chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na hiomaíochta a sainaithníodh sa Ráiteas Agóidí ar bhealach níos fearr (na 'Gealltanais Deiridh').

4.1. **Rochtain ar an gcomhad tar éis na nGealltanas Deiridh**

28. An 29 Meitheamh 2023, an lá sular reáchtáladh an Coiste Comhairleach, dheonaigh AS na hIomaíochta rochtain ar thrí dhoiciméad breise do na Páirtithe trí bhíthin fillteán criptithe '.zip' a seoladh trí ríomhphost.

5. **AN DRÉACHTCHINNEADH**

29. Leis an dréachtchinneadh dearbhaítear gur comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus le Comhaontú LEE atá an tIdirbheart atá beartaithe, faoi réir chomhlíonadh iomlán na nGealltanas Críochnaitheach.

30. De bhun Airteagal 16(1) de Chinneadh 2011/695, measfar leis an Tuarascáil Chríochnaitheach an mbaineann an dréachtchinneadh le hagóidí amháin a bhfuil an deis tugtha do na páirtithe a gcuid tuairimí a chur in iúl ina leith.

31. Agus athbhreithniú á dhéanamh agam ar an dréachtchinneadh, bainim de thátal as nach ndéileáiltear ann le haon agóid ar ina leith nár tugadh an deis do na Páirtithe a gcuid tuairimí a chur in iúl.

([14]) IO L 133, 30.4.2004, lch. 1.

6. **CONCLÚID**

32. Tagaim ar an gconclúid gur cloíodh le feidhmiú éifeachtach chearta nós imeachta na bPáirtithe sa chás seo.

An Bhruiséil, 30 June 2023.

Eric GIPPINI FOURNIER
An tOifigeach Éisteachta